## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** Luaigh **dhá** chaoi a dtéann teas i bhfeidhm ar an stáirse. **(6)**

(i) *fágann teas tirim go bpléascann gráin ní stáirse agus go n-ionsúnn siad saill deistriniú – nuair a chuirtear teas le is foirmíonn deisliní cumasc a mbíonn dath donn air etc.*

(ii) *geilitíniú - fágann teas tais go méadaíonn agus go bpléascann gráin ní stáirse, ionsúnn siad taisleach agus ramhraíonn leacht etc.*

Ainmnigh **dhá** fhoinse mhaithe snáithín sa réim bia.

(i) *torthaí agus glasraí, síolta, cnónna* (ii) *leite, bran, caiscín, an crotal lasmuigh den chruithneachta den rís rua etc.*

**2.** Comhlánaigh an ráiteas seo a leanas maidir le díleá lipidí (saillte). Bain úsáid as na focail atá liostaithe thíos. **(6)**

***gliocról liopáis aigéid shailleacha***

Tiontaíonn an einsím ***liopáis*** lipidí ina n- ***aigéid shailleacha*** agus i ***ngliocról***

**3.** Rianaigh **trí** athrú atá tagtha ar nósanna itheacháin na hÉireann ó thosach an fichiú haois. **(6)**

(i) *méadú ar chaitheamh bianna ullmhaithe, saoráideacha agus próiseáilte,*

(ii) *níos mó daoine ag ithe amuigh agus ag ithe mearbhia, éagsúlacht níos leithne bianna ar fáil*

(iii) *daoine níos feasaí ó thaobh cothaitheach, níos meabhraí faoin tsláinte, níos mó taistil ar siúl ag daoine, tionchar cultúir eachtrannaigh – bianna agus modhanna cócarála nua á dtabhairt isteach, níos lú ama don chócaráil, deighiltí aicmí agus an deighilt idir an chathair agus an tuath, méadú ar chaitheamh pasta agus ríse agus laghdú ar úsáid prátaí agus aráin, etc.*

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag Vitimín C sa chorp. **(6)**

(i) *cothaíonn drandail, craiceann, cnámha agus fiacla, fás, don chóras imd híonachta, frithocsaídeoir,*

(ii) *riachtanach d'ionsú iarainn, coscann scorbach, do mho narú collaigine agus fuileadán, etc.*

Ainmnigh **dhá** fhoinse mhaithe chothaithe óna bhfaightear Vitimín C.

(i) *torthaí citris, cuiríní dubha, mogóirí róis* (ii) *glasraí duilleacha, prátaí nua, cóilis, etc.*

**5.** Liostaigh **dhá** thoisc a bhfuil tionchar acu ar an méid fuinn imh a bhíonn ag teastáil ón gcorp. **(6)**

(i) *aois, meáchan agus méid coir p, inscne, gairm, gníomhaíocht/stíl mhaireachtála, toircheas,*

(ii) *meitibileacht, aeráid etc.*

Mínigh an téarma **Bunráta Meitibileach *(BMR).***

*Tagraíonn B.M.R. don íosmhéid fuinnimh a theastaíonn ón gcorp do ghníomhaíocht na n -orgán inmheánach i.e. an croí agus na sc amhóga, chun teocht an choirp a choinneáil, a thomha istear nuair atá an duine ina luí, go hiomlán ar a shuaimhneas i seomra teolaí s ócúil, 12 uair a chloig ar a laghad tar éis béile, etc.*

**6.** Maidir le húrchaomhnú bia, taispeáin le ti c **(✓)** cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. **(6)**

| **Úrchaomhnú Bia** | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|
| Díghníomhaítear micrea-orgánaigh nuair a reoitear iad | ✓ | |
| Reonn mealbhacáin, piorraí agus bananaí go sásúil | | ✓ |
| Ba chóir bia a reo go tapa ag –25°C | ✓ | |

**7.** Liostaigh **dhá** athrú cheimiceacha a tharlaíonn i mbia le linn na cócarála agus tabha ir sampla **amháin** de gach athrú. **(6)**

| **Athrú Ceimiceach** | **Sampla** |
|---|---|
| 1. *imoibriú maillard (athrú datha)* | *prátaí rósta etc.* |
| 2. *caramalú (leánn siúcra),*<br>*deistriniú (donnaíonn stáirse)*<br>*úsáid oibreán ardaithe ceimiceach* | *caramal, crème caramal, taifí, etc.*<br>*tósta, cácaí*<br>*arán agus cácaí* |

**8.** Mínigh an téarma ***lachtveigeatóir.*** **(6)**

*duine a itheann réim bia atá comhdhéanta go príomha as bianna plandaí, nach n-itheann feoil, éanlaith chlóis ná iasc ach a chuirfidh táirgí déiríochta, e.g. cáis, bainne, uibheacha, san áireamh ina réim bia, etc.*

Ainmnigh **dhá** fhoinse mhalartacha próitéine atá oiriúnach do réim bia veigeatóra.

(i) *Próitéin Uigeach Ghlasraí (TVP), Tófú, pónairí soighe, Quorn etc.* (ii) *Bainne Soighe, Cnónna, Uibheacha, táirgí déiríochta, etc.*

**9.** Ainmnigh **dhá** shnáithín a úsáidtear go coitianta i monarú teicstílí tí. **(6)**

(i) *cadás, línéadach, poileistear, aicrileach, etc.* (ii) *cumasc de chadás & línéadach, etc.*

Roghnaigh ceann **amháin** de na snáithíní ainmnithe agus luaigh **dhá** airí de chuid an tsnáithín seo.

*Snáithín* ________________________

*Airíonna (braitheann sé ar an snáithin a roghnaíodh)*

(i) *ní chrapann sé, é láidir agus é fliuch, seasmhacht in aghaidh caithimh, buanfasach, éadrom*

(ii) *roc-obach, triomaíonn go tapa, lasairmhoillitheach, etc.*

**10.** Mínigh an tsiombail seo a bhíonn le fáil ar ábhar pacáistithe. **(6)**

| | |
|---|---|
|  | *Triantán athchúrsála - athúsáid, laghdaigh, athchúrsáil* |
| | *Léiríonn go bhfuil ábhar in-athchúrsáilte sna hearraí & sa phacáistiú* |
| | *nó go bhfuil siad in-athchúrsáilte, etc.* |
| | |

Liostaigh **dhá** rud a d'fhéadfadh tomhaltóir a dhéanamh chun úsáid fuinnimh sa bhaile a chaomhnú.

(i) *fearas atá tíosach ar fhuinneamh le rátáil ard fuinnimh a roghnú,*

(ii) *ná fág fearais ar fuireachas, úsáid bolgáin CFL, insliú tí, etc*
*cuir seaicéad fálaithe ar shorcóir an uisce the, úsáid cithfholcadán in áit folcadáin, úsáid amadóirí ar choirí téite agus uisce, bíodh doirse agus fuinneoga díonach ar shéideáin, déan gloiniú dúbailte ar fhuinneoga, painéil ghréine, etc.*

**11.** Is é is ioncam glan ann ná an pá a bhíonn ag duine agus na hasbhaintí ar fad déanta. Ainmnigh **dhá** asbhaint éigeantacha agus **dhá** asbhaint dheonacha is féidir a bhaint as tuarastal/pá fostaí. **(6)**

| **Asbhaintí Éigeantacha** | **Asbhaintí Deonacha** |
|---|---|
| 1. *ÁSPC (PRSI), Tobhach ioncaim, tobhach Sláinte* | 1. *Árachas Sláinte, Síntiús Ceardchumainn* |
| 2. *Cáin ioncaim/ÍMAT (PAYE), Tobhach pinsin etc.* | 2. *Coigilteas, Ranníocaíocht shaorálacht bhreise(AVC), Clubanna Sóisialta, Ciste saoire etc.* |

**12.** Mínigh an téarma ***fruilcheannach***. **(6)**

*Is cineál creidmheasa é seo ar chomhcheangal é de cheannach agus de fhruiliú earraí, ní leis an gcustaiméir na hearraí go mbeidh an íocaíocht deiridh déanta, teastaíonn ordú cúirte má bhíonn níos mó ná aon trian den phraghas íoctha, etc.*

Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** don tomhaltóir a bhaineann leis an bhfruilcheannach.

***Buntáiste*** **-** *bíonn an tomhaltóir in ann na hearraí a úsáid láithreach, níl aon ghá suimeanna móra in airgead tirim a iompar, is féidir earraí costasacha a cheannach nárbh acmhainn don úinéir ar bhealaí eile, é úsáideach in éigeandálaí gan choinne, féadfaidh tomhaltóirí tairbhe a bhaint as díolacháin, tá coinníollacha diana ag dul le socruithe fruilcheannaigh(HP) a chosnaíonn an tomhaltóir, etc.*

***Míbhuntáiste*** **-** *bíonn an ráta úis ard, spreagann sé ceannach tallanach, cathú an róchaithimh, d'fhéadfaí nach mbeifí in ann coinneáil suas leis na haisíocaíochtaí, ní leat na hearraí go ndéantar an íocaíocht deiridh, d'fhéadfadh go mbeadh na hearraí briste nó caite sula ndéanfaí an íocaíocht deiridh, mura leantar leis na haisíocaíochtaí d'fhéadfaí athshealbhú a dhéanamh ar na hearraí, etc.*

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo .**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1. 'Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go gcoinneodh daoine a n -iontógáil laethúil de shiúcraí, faoi bhun 10% dá n-iontógáil iomlán fuinnimh …'**
**Léiríonn an tábla thíos an fhaisnéis chothaithe in aghaidh 100g ar phacáistiú trí cinn de ghránacha bricfeasta.**

| Gránach Bricfeasta | Carbaihiodráit (dá bhfuil di ina siúcraí) | Próitéin | Saill | Salann |
|---|---|---|---|---|
| **Calóga Arbhair (in aghaidh 100g)** | 84 g (8g) | 7g | 0.9g | 1.8g |
| **Weetabix (in aghaidh 100g)** | 68.4g (4.4g) | 11.5g | 2.0g | 0.65g |
| **Cheerios (in aghaidh 100g)** | 75.2g (21.6g) | 8.1g | 3.9g | 1.2g |

**(a)** Agus tú ag úsáid an eolais a thugtar, agus ag cuimhneamh duit ar threoirlínte reatha maidir le hitheachán sláintiúil, déan luach cothaitheach na **<u>dtrí</u>** ghránach bricfeasta a ndéantar tagairt dóibh sa tábla thuas a mheas.

***5 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(15)**
***tagairt amháin do gach gránach + 2 pointe eile***

*e.g. méid ard siúcra, méid ard salainn, molann treoirlínte don itheachán sláintiúil go laghdófaí iontógáil siúcra agus salainn, méideanna beaga próitéine agus saillte iontu, comparáid idir na gránacha bricfeasta, etc.*

**(b)** Tabhair cuntas ar charbaihiodráití faoi **<u>gach</u>** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- feidhmeanna sa chorp

***2 fheidhm @ 4 mharc an ceann*** **(8)**
*e.g. teas agus fuinneamh, próitéin a spáráil, an bhreis iompaithe ina glicigin agus stóráilte san ae agus sna matáin mar chúltaca fuinnimh, nó iompaithe ina saill agus stóráilte mar fhíocháin saille a oibríonn mar inslitheoir, cuidíonn ceallalós le gluaiseacht an bhia tríd an gcóras díleá agus coisceann iatacht, etc.*

- foinsí sa réim bia

***3 fhoinse @ 4 mharc an ceann*** **(12)**
***fhionse o ceann siúcra, ceann stáirse + 1 fhoinse eile***
*Siúcra – siúcra, brioscaí, cácaí, milseáin, mil, subh, torthaí, gránaigh bhricfeasta etc.*
*Stáirse –gránaigh bhricfeasta, prátaí, pasta, plúr, cácaí etc.*
*Ceallalós –craicne torthaí agus glasraí, gránacha bricfeasta slánghráin, bran cruithneachta, arán donn, pasta caiscín, etc.*

- airíonna

***2 airí @ 4 mharc an ceann*** **(8)**
*e.g. intuaslagthacht – tuaslagann siúcraí in uisce, blas – milsigh, imoibriú Maillard – tarlaíonn donnú nuair a imoibríonn siúcraí agus aimínaigéid de bharr a dtéite, geilitíniú, criostalú, deistriniú, caramalú, foirmiú, etc.*

**(c)** Liostaigh **<u>trí</u>** úsáid chócaireachta atá le siúcra.

***3 úsáid @ 3 mharc an ceann*** **(9)**

*e.g. milsitheoir/blaisitheoir, leasaitheach i.e. co isceann sé fás miocróbach i subha etc., cuidíonn sé le coipeadh giosta, cuireann sé leis an dath, príomh -chomhábhar in reoáin, úsáidtear mar shíoróip i sailéad torthaí chun mílíthiú a chosc, cobhsaíonn sé cúr gealacáin uibhe, etc.*

**(d)** Mol **<u>dhá</u>** ní mar mhalairt ar na gránaigh bhricfeasta liostaithe a bheadh oiriúnach do pháistí scoile.

***2 mhalairt @ 4 mharc an ceann*** **(8)**

*e.g. leite, Hi8 muesli, agus gránaigh bhricfeasta eile, tósta donn, tort haí úra, bagún agus tráta griollta, ubh scrofa, iógairt, etc.*

**(e)** Déan cur síos ar **<u>cheithre</u>** shlí inar féidir bille seachtainiúil bia an tí a laghdú gan cur isteach ar luach cothaithe bhéilí an teaghlaigh.

***4 shlí @ 5 mharc an ceann*** **(20)**

*pleanáil do bhéilí ar bhonn seachtainiúil, úsáid gearrthacha níos saoire feola, ceannaigh torthaí agus glasraí úra, ceannaigh iasc níos saoire, e.g. maicréal, úsáid a bhfuil fágtha nuair is féidir, lorg tairiscintí speisialta sna siopaí, déan siopadóireacht in ollmhargaí lascaine in áit siopaí beaga áise, seachain bianna saoráideacha ullmhaithe costasacha, ceannaigh bia nach bhfuil pacáistiú déanta air, déan bulc -cheannach, déan siopadóireacht i margaí, déan do chuid aráin féin, fás do chuid glasraí agus torthaí féin , etc.*

**2.** **Tógálaí is ea Eoin (25) le comhlacht áitiúil agus oibríonn sé ó 8.00 a.m. go dtí 5.30 p.m. gach lá. Is maith leis féachaint ar pheil ar an teilifís gach tráthnóna beagnach. Imríonn sé scuais uair sa tseachtain. Seo a leanas gnáthshampla dá iontógáil laethúil bia.**

### Clár Bia

| **Bricfeasta** | **Lón** | **Dinnéar** |
|---|---|---|
| Rolla Bricfeasta | Ceapaire liamháis ar arán donn | Stéig fhriochta agus sceallóga |
| ½ lítear bainne | Úll | Piseanna agus pónairí stánaithe |
| | Paicéad brioscán (criospaí) | Babhla uachtair reoite |
| | Barra seacláide | Taoschnó |
| | Canna cóic | Caife |

**(a)** Déan clár bia laethúil Eoin a mheas faoi **<u>gach</u>** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- treoirlínte don itheachán sláintiúil

***2 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(8)**

*e.g. níl Eoin ag fáil a 5 cuid laethúla de thorthaí agus glasraí úra, tá sé ag ithe an iomarca bianna ardsiúcra i.e. uachtar reoite, taoschnó, seacláid, cóc, an iomarca bianna próiseáilte i.e. liamhás agus brioscáin a bhfuil a lán salainn iontu, ní hé an friochadh an modh cócaireachta is sláintiúla, a lán saillte sáithithe san fheoil agus sa rolla bricfeasta, níl cothromaíocht sna béilí, níl aon uisce san áireamh sa réim bia etc.*

- luach cothaitheach

***2 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(8)**

*e.g. luach bitheolaíoch ard i stéig, pónairí agus piseanna, snáithín in arán donn, úll, piseanna agus pónairí, easpa vitimíní riachtanacha, cailciam i mbainne, ardmhéid siúcra agus saillte sáithithe, CHO sa rolla bricfeasta, arán agus sceallóga don fhuinneamh etc.*

- luach fuinnimh.

***1 phointe @ 8 mharc*** **(8)**

*e.g. teastaíonn a lán bianna a thugann fuinneamh ó Eoin sa mhéid is gur oibrí láimhe é, mar fhear tá cuid mhór matán ina chorp, cuireann an rolla bricfeasta agus arán donn fuinneamh ar fáil, beidh saill sna slisíní, sa stéig agus sa tseacláid don fhuinneamh etc.*

(b) Mol roinnt athruithe a d'fhéadfadh Eoin a dhéanamh (i) ar a stíl mhaireachtála agus **(**ii) ar a réim bia.

***4 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(16)**
***1 tagairt do stíl mhaireachtála + 1 tagairt do réim bia + 2 athrú eile***

*e.g.* ***stíl mhaireachtála*** *- déan níos mó aclaíochta, téigh isteach i ngiomnáisiam, glac páirt níos mó i gcúrsaí spóirt, laghdaigh an méid ama a chaitear ag breathnú ar an teilifís, ,* ***réim bia*** *– caith níos mó torthaí agus glasraí, ól uisce, athraigh modhanna cócarála, gearr siar ar mhilseáin, seacláid, bianna salannacha, bianna saillte (taoschnó) etc.*

**(c)** Mínigh an tábhacht atá le huisce a bheith mar chuid den réim bia laethúil **.**

***2 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(10)**

*e.g. cuid riachtanach de gach sreabhán fíochán coirp, múchann sé tart, rialaíonn teocht an choirp, cuidíonn le tabhairt ar shiúl táirgí dramhaíola ón gcorp, coisceann díhiodráitiú, tugann cothaithigh, ocsaigin, einsímí, hormóin timpeall an choirp, cuidíonn leis an díleá, etc.*

**3**. **'De thoradh ar an dul chun cinn sa teicneolaíocht, tá méadú ag teacht i rith an ama ar an raon d'fhearais nua atá ag teacht ar an margadh le húsáid sa teach nua -aimseartha.'**

**(a)** Mínigh **<u>trí</u>** bhuntáiste a bhaineann le teacht ar fhaisnéis do thomhaltó irí sula gceannaítear fearas.

***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(12)**

*e.g. gheofar luach níos fearr ar airgead mar gur féidir praghsanna a chur i gcomparáid le chéile, beidh costais suiteála agus reatha ar eolas, is féidir an fearas is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh a cheannach, is féidir samhlacha éagsúla a bhfuil gnéithe agus forbhaill éagsúla acu a chur i gcomparáid le chéile, ní rachaidh fógraíocht nó pacáistiú i bhfeidhm ar an tomhaltóir, dearadh agus méid an fhearais, éascaíocht oibríochta , etc.*

**(b)** Sainaithin **<u>dhá</u>** fhoinse faisnéise do thomhaltóirí atá iontaofa.

***2 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(8)**

*e.g. an t-idirlíon/láithreáin ghréasáin, bileoga eolais agus bróisiúir na monaróirí, pacáistiú, irisí e.g. Consumer Choice, foireann díolacháin, focal béil, leabharlanna, fógraí, Lárionaid Eolais na Saoránach, Ombudsman, Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí, etc.*

**(c)** Leag amach torthaí taighde atá curtha i gcrích agat ar fhearas tí a bhfuil inneall ann.

Bíodh tagairt agat dóibh seo:

- an saghas fearais

***1 saghas @ 3 mharc*** **(3)**

*e.g. meascthóir bia, próiseálaí bia, leachtaitheoir, déantóir caoineog, scian spólta leictreach, súire, miasniteoir, inneall níocháin, cuisneoir, folúsghlantóir, oigheann micreathonnach, etc.*

- na tosca atá le cur san áireamh nuair a bhítear ag roghnú an fhe arais

***3 thoisc @ 3 mharc an ceann*** **(9)**

*e.g. rátáil fuinnimh, costas, ainm branda, sábháilteacht, méid an teaghlaigh, an spás atá ar fáil, dearadh agus tógáil, éascaíocht ghlanta, ráthaíocht, cean naigh ó dhíoltóir creidiúnach, seirbhís iardhíola, oibriú éasca, etc.*

- dearadh an fhearais

***3 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(9)**

*e.g. éasca le hoibriú, dath, bailchríoch mharthan ach, stíleanna nua-aimseartha, bailchríocha, etc.*

- treoirlínte d'úsáid an fhearais

***3 threoirlíne @ 3 mharc an ceann*** **(9)**

*e.g. lean treoracha na monaróirí, cur le chéile i gceart, lean na rialacháin sábháilteachta maidir le húsáid fearais a bhfuil mótar air (ag brath ar an bhfearas a roghnaíodh) bíodh an phlocóid ag ionad áisiúil, seachain seoláin sínidh, etc.*

**4. Tá raon leathan úsáide le teicstílí maidir le cúrsaí éadaigh agus tí a raon.**

(a) Déan trácht ar thábhacht **gach** ceann díobh seo a leanas nuair a roghnaítear teicstílí le haghaidh éadaigh:

- oiriúnacht don fheidhm (úsáid)

***1 phointe @ 6 mharc*** **(6)**

*e.g. ba chóir d'airíonna fabraic a chur in oiriúint don fheidhm atá beartaithe i.e. ba chóir go mbeadh éadaí báistí uiscedhíonach, éadaí cosanta (lucht múchta dóiteáin etc.), dath agus patrúin oiriúnach don fheidhm i.e. dathú an duine, deilbh , etc.*

- rogha phearsanta

***1 phointe @ 6 mharc*** **(6)**

*e.g. na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn go pearsanta, stádas sóisialta, tionchar eacnamaíoch, is fearr le daoine fabraicí nádúrtha i.e. mar línéadach agus fithíní ann, ní maith leo olann mar go bhféadfadh sé an craiceann a ghreannadh, bíonn airíonna réidhchúraim agus leaisteachas i bhfabraicí sintéiseacha i.e. éadaí spóirt, rogha datha, stíle, sócúlachta, marthanachta an duine aonair, etc.*

- tarraingt aeistéitiúil

***1 phointe @ 6 mharc*** **(6)**

*e.g. tarraingteacht/cosúlacht na fabraice, cruth agus aireachtáil fabraicí i.e. uigeacht línéadaigh, fallaingiú na holla nó vioscóis, teacht aniar, loinnir, éilimh aeráide, stíl mhaireachtála, etc.*

- costas.

***1 phointe @ 6 mharc*** **(6)**

*e.g. tá snáithíní nádúrtha e.g. olann agus síoda , níos costasaí ná fabraicí sintéiseacha, beidh tionchar ag an méid airgid atá ar fáil ar chineál agus ar cháilíocht na fabraice a cheannaítear, lipéid dearthóra versus siopa sraithe, éadaí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla, etc.*

**(b)** Déan cur síos ar **cheithre** fheidhm atá ag teicstílí tí.

***4 fheidhm @ 4 mharc an ceann*** **(16)**

*e.g. insliú teasa agus teochta, insliú fuaime, príobháideachas, sócúlacht, cosaint (miotóga oighinn), ionsúiteacht, maisiú (taipéisí balla), etc.*

**(c)** Ainmnigh agus mínigh an tionchar atá ag bailchríoch thinemhoillitheach **amháin**.

***Ainm = 4 mharc     1 tionchar @ 6 mharc*** **(10)**

*fabraicí cóireáilte tinemhoillitheacha – brataithe, bailchríocha tinemhoillitheacha bunúsacha Proban, Pyrovatex etc.*
*e.g. laghdaíonn an baol go lasfaidh an fhabraic, múchfaidh sé féin nuair a bhaintear ón lasair, d'fhéadfadh go mbeadh imoibriú ailléirgeach dá bharr, d'fhéadfadh go mbeadh cúram speisialta uaidh agus é á ghlanadh , etc.*

**5. ‘ De réir mar atá an t-ionchas saoil ag méadú agus daoine ag maireachtáil níos faide, tá athrú ag teacht laistigh den teaghlach ar ról na ndaoine atá ag dul in aois .’**

(a) Déan cur síos ar an gcaoi a n-athraíonn rólanna laistigh den teaghlach de réir mar a théann tuismitheoirí in aois.

***4 ról @ 5 mharc an ceann*** **(20)**

*e.g. athraíonn rólanna agus tuismitheoirí ag dul in aois agus iad ag éirí níos spleáiche b’fhéidir le linn do pháistí fás suas agus éirí níos neamhspleáiche, bíonn an caidreamh le páistí níos suaimhní, bíonn níos lú rialacha agus rialachán ann, d’fhéadfadh go dtabharfaí cabhair airgeadais (morgáistí), bheadh féinmheas ar an teaghlach á spreagadh i gcónaí, gluaiseann daoine níos sine ar aghaidh ó bheith ina dtuismitheoirí go dtí seantuismitheoirí, ní bhíonn ag obair níos mó le teacht isteach a thuilleadh, d’fhéadfaidís a bheith ag brath níos mó ar pháistí agus ar an stat, iad ag cuidiú leis na comharsana, le haosaigh eile, garchlann, etc.*

(b) Pléigh na fáthanna a bhféadfadh aighneas teacht chun cinn idir páistí fásta agus a dtuismitheoirí**.**

***3 chúis @ 6 mharc an ceann*** **(18)**

*e.g. d’fhéadfadh go mbeadh tuairimí difriúla ag daoine níos sine faoin bpósadh, reiligiún, páirtithe, stíl mhaireachtála, tógáil leanaí, d’fhéadfadh go bhfanfadh páistí fásta ina gcónaí sa bhaile ar feadh píosa fada agus go mbeadh easpa príobháideachais ann don dá pháirtí; leisce ar thuismitheoirí ligean dá bpáistí fásta a gcinntí féin a dhéanamh, etc.*

**(c)** Mínigh tábhacht na dea-chumarsáide laistigh den teaghlach.

***2 phointe @ 6 mharc an ceann*** **(12)**

*e.g. bíonn daoine muinteartha eile feasach ar an gcaoi a n-airíonn daoine eile faoi shaincheisteanna éagsúla, ní féidir coinbhleacht a réiteach gan cumarsáid toisc nach bhfuil aon seans go mbeadh comhréiteach ann, bíonn gá le sos go minic le fearg a mhaolú agus mothúcháin a fheabhsú, seachain achrann, ceadaíonn sé do dhaoine a gcuid mothúchán a chur in iúl, cuidíonn sé le strus a chosc, tugann tuiscint níos fearr do dhaoine agus dearcadh níos leithne ar shaincheisteanna, etc.*

## Roinn C

**Freagair ceist amháin as an roinn seo.**
**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.**

1.(a) **Tá beirt bhuachaillí, ar déagóirí iad, ag Máire agus Seán Ó Riain. Tá cónaí orthu i dteach leathscoite, dhá urlár i mbaile beag. Tá beartaithe acu roinnt athmhaisiúcháin a dhéanamh ar an teach atá 20 bliain d'aois.**

(i) Déan cur síos ar an gcaoi a bhféadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas tionchar a bheith acu ar mhuintir Riain agus iad ag pleanáil athmhaisiú an tí:

***4 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(20)**
***tagairt amháin do gach ceann acu + pointe amháin eile***

- tosca comhshaoil

*e.g. úsáid ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i.e. urláir adhmaid, urláir tílithe i ngrianáin chun an teas a shú isteach i rith an lae agus é a scaoileadh amach i rith na hoíche, painéil ghréine a shuiteáil, na píopaí uisce & sorcóirí uisce the go léir a fhálú, an cineál córas téite i.e. geoiteirmeach, soilse CFL, soilsiú ó bhreacdhorchadas go breacadh an lae, soilse braiteora, péinteanna éiceabhácha, etc.*

- méid agus tosca an teaghlaigh

*e.g. dóthain spáis chun cónaithe agus stórála, ionad oibre do dhuine ag obair ón mbaile, riachtanais sa todhchaí – seomra gréine/staidéir/ súgartha, déan na seomraí a mhaisiú de réir aoiseanna an teaghlaigh, an t-airgead atá ar fáil, córas slándála, etc.*

- riachtanais speisialta bhaill an teaghlaigh / cairde

*e.g. doirse leathana, lasca solais agus pointí cumhachta níos ísle, cuirtíní is féidir a dhúnadh go héasca, seomraí folctha inrochtana etc.*

(ii) Dear, sceitseáil agus lipéadaigh leagan amach seomra **amháin** ar bith sa teach.

***6 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(18)**

*Leagan amach seomra, lipéadú déanta ar dhoras/dhoirsí, fuinneog/fuinneoga, ar throscán, teas, soilsiú, aeráil, etc.*

(iii) Sainaithin agus tabhair cuntas ar **dhá** threocht a bhfuil éileamh ag an bpobal orthu faoi láthair sa dearadh nua-aimseartha intí.

***2 threocht @ 6 mharc an ceann*** **(12)**

*e.g. urláir adhmaid, urláir tílithe, teallach cloiche, úsáid cruach dosmálta, scátháin, dallóga adhmaid Veinéiseacha, troscán nua-aimseartha i.e. éadrom, línte simplí, boird ghloine, úsáid bogfheistis tí e.g. fallaingeacha, scaipchúisíní, teilifíseán plasma crochta ar bhalla, cathaoireacha plaisteacha, futon, soilsiú urláir, dromchlaí marmair agus eibhir, scéimeanna dathanna donn/bánbhuí/corcra, etc.*

**agus**

**1.(b) Is riachtanas i ngach teach é córas maith soilsithe.**

(i) Pléigh **trí** phointe thábhachtacha ba chóir a chur san áireamh nuair a bhítear ag pleanáil córas soilsithe don teach.

***3 phointe @ 6 mharc an ceann*** **(18)**

*e.g. bíodh feidhm ghinearálta an tseomra san áireamh, soilsiú béime agus taisc, sábháilteacht, voltas ceart, éasca le glanadh, cothabháil agus malartú, é in oiriúint do mhaisiú an tseomra, seachain dalladh, ceadaigh solúbthacht, etc.*

(ii) Ainmnigh agus déan cur síos ar fheistiú solais nua-aimseartha **amháin** atá tíosach ar fhuinneamh.

***Ainm = 4 mharc Cur síos = 2 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(12)**

*e.g. maireann CFLanna ocht n-uaire níos faide ná bolgáin fhiliméid, oiriúnach d'áitea nna a bhfágtar soilse ar siúl iontu ar feadh tréimhsí fada, ar fáil i láidreachtaí, i méideanna agus i gcruthanna difriúla, lasc maolaithe, amadóirí, soilsí cuasaithe ar voltas íseal, etc.*

**nó**

**1.(c) Tharlódh go mbeadh riachtanais éagsúla tithíochta ag daoine, ag brath ar thosca teaghlaigh agus eacnamaíochta.**

(i) Pléigh an chaoi a bhféadfadh difríocht a bheith idir riachtanais tithíochta teaghlaigh a bhfuil páistí óga ann agus riachtanais duine atá ar scor ón obair agus atá ina chónaí ina aonar.

***3 riachtanas @ 6 mharc an ceann*** **(18)**

*e.g. méid an tí, líon na seomraí codlata agus seomraí folctha, limistéir chónaithe agus caitheamh aimsire, spás sa ghairdín, gaireacht don obair, do scoileanna, siopaí, árasán ar urlár na talún agus rochtain éasca air, córas aláraim, éasca aire a thabhairt dó, teileafón, córas cumarsáide aláraim, etc.*

(ii) Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le teach de do chuid féin a cheannach.

***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(12)**

*e.g. infheistíocht, faoiseamh cánach agus deontais ar fáil, níos lú costais, morgáiste níos saoire ná cíos, téann luach an tí in airde, daingneacht tionachta, féadfaidh tú do dhearadh agus do chineál tí féin a roghnú, ar chóir duit an teach a roinnt nó nár chóir, etc.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a) Casóg ócáideach, sip uirthi chun tosaigh, cochall uirthi a bhfuil sreangán intarraingthe air agus líneáil fionnaidh ann, agus dhá phóca uirthi.**



(i) Déan dearadh na casóige a thaispeántar sa léaráid thuas a mheas.

***3 phointe @ 4 mharc an ceann*** **(12)**

Bíodh tagairt agat dóibh seo a leanas:

- feidhm (úsáid)

*e.g. baineann feidhm na casóige le chomh maith is a ghníomhaíonn an dearadh, ba chóir don sip oscailt agus dúnadh, ba chóir go mbeadh na sreangáin intarraingthe éasca a oscailt agus a dhúnadh, ba chóir go bhféadfaí rudaí a choinneáil sna pócaí agus nach dtitfidís astu, ba chóir don chochall an cloigeann a chlúdach, go mbeadh na muinchillí fada go leor don té ar leis é, ba chóir go mbeadh an ball éadaigh inghlactha don ócáid a gcaitear é, teolaí , etc.*

- compord agus í á caitheamh

*compordach le caitheamh, ceadaíonn do ghluaiseachtaí coirp le linn cromtha agus sínte ach a cruth á coinneáil aici, te de bharr líneáil lomra a bheith uirthi, ba chó ir go ligfidh sí don allas galú etc.*

- tarraingt aeistéitiúil.

*cruth fhoriomlán an bhall éadaigh, dath, teicnící i ndéanamh na casóige, an ghné mhaisiúil, etc.*

(ii) Sceitseáil agus déan cur síos ar bhríste a bhfuil éileamh ag déagóirí air a bheadh oiriúnach chun dul leis an seaicéad.

***Sceitse = 3 marc, Cur síos = 4 marc*** **(7)**

*Ba chóir sceitse an fheistis mionsonraí dearaidh agus gnéithe a léiriú, ba chóir go mbeadh lipéadú soiléir air etc. Is féidir go mbeadh sonraí na fabraice, airíonna na fabraice, an dath, gnéithe dearaidh, líne, cruth, cothromaíocht/comhréir, comhtheacht, cúram etc, san áireamh sa chur síos.*

(iii) Mol fabraic **amháin** atá oiriúnach don seaicéad agus tabhair fáth le do rogha.

***Ainm = 3 marc, Fáth = 3 marc*** **(6)**

*e.g. Ainm – cadás/poileistear/lomra*
*Fáthanna - láidir, buanfasach, teolaí, teacht aniar ann, níonn go maith, ionsúiteach, fionnuar, etc.*

**Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)**
**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.**

**3.(a) 'Idir 1991 agus 2006 tháinig méadú 9% ar an bpobal tuaithe in Éirinn ach tá cónaí fós ar fhormhór na ndaoine sna ceantair uirbeacha.'** *(Ionad Taighde Eacnamaíochta Tuaithe)*

(i) Cén fáth, i do thuairimse, a bhfuil méadú tagtha ar an líon daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe idir 1991 agus 2006?

***3 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(15)**

*e.g. córas iompair níos fearr, breis fostaíochta, daoine ag obair ón mbaile, tithe níos saoire, an costas maireachtála níos ísle, rátaí coireachta níos ísle, truailliú níos lú, naíolanna níos saoire, áiseanna caitheamh aimsire, bailiúchán bruscair, ionaid phobail, clár athlonnaithe tuaithe, teaghlaigh á mbogadh ó cheantair lárchathracha go ceantair tuaithe ag údaráis áitiúla, dílárú ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, etc.*

(ii) Sainaithin agus déan trácht go mion ar na fáthanna a bhfuil cónaí fós ar fhormhór na ndaoine in Éirinn sna ceantair uirbeacha.

***3 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(15)**

*e.g. breis deiseanna fostaíochta, rochtain níos fearr ar an oideachas agus ar sheirbhísí eile, infreastruchtúr níos fearr, fáil níos mó ar thithíocht, gaireacht don teaghlach agus do chaired, etc.*

(iii) Pléigh an tionchar atá (a) ag athruithe sóisialta agus (b) ag athruithe eacnamaíochta ar shaol an teaghlaigh.

***4 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(20)**
***coinne le 1 tagairt amháin do gach ceann + 2 phointe eile***

***Sóisialta :*** *scoiteacht ag éirí as an titim ar an daonra i roinnt ceantar tuaithe a fhágann go mbíonn a lán daoine aosta ina gcónaí leo féin, gearradh siar ar sheirbhísí áirithe e.g. oifigí poist etc., níos lú áiseanna agus laghdú dá réir ar an saol sóisialta; méadú ar aois phósta daoine rud a fhágann go mbíonn clann níos lú orthu; méadú ar líon na lánúnacha in aontíos (a chónaíonn le chéile); níos mó teaghlaigh aontuismitheora; méadú ar an ráta coireachta/ iompraíocht fhrithshóisialta i gceantair uirbeacha áirithe, méadú ar ólachán agus tógáil drugaí faoi aois, etc.*

***Eacnamaíoch:*** *tionchar ag dífhostaíocht atá ag méadú ar chaighdeáin mhaireachtála teaghlach; níos mó teaghlach ina saothraíonn beirt, praghsanna tithíochta agus costas maireachtála níos ísle agus feabhas dá réir ar chaighdeáin mhaireachtála, méadú ar an tionscal seirbhísí agus deiseanna breise fostaíochta dá bharr, etc.*

**agus**

**3.(b) 'Téann an obair a dhéanann duine i bhfeidhm ar mhórán gnéithe dá s(h)aol agus fágann sí a rian orthu.'**

(i) Pléigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar mheon duine i leith na hoibre.

***3 thoisc @ 6 mharc an ceann*** **(18)**

*e.g. oideachas, tabhairt suas – cúlra teaghlaigh, aicme shóisialta, sásamh as post, sóisialú, luach saothair airgeadais, ionchais ardú céime, muinín agus mórtas cine is bun le féinspreagadh, etc.*

(ii) Mínigh an chaoi a bhféadfadh sé dul i bhfeidhm ar dhuine mura mbeadh ach leibhéal íseal sástachta á bhaint as a phost aige/aici.

***2 phointe @ 6 mharc an ceann*** **(12)**

*e.g. chuirfí obair faoi bhun caighdeáin ar fáil, míshona ag dul chun na hoibre, easpa féinmheasa, coinbhleacht leis an mbainistíocht, as láthair ón obair ar bhonn rialta, drochshláinte, gan aon féinspreagadh, drocheitic oibre, etc.*

**nó**

**3.(c) 'Tá níos mó i gceist le bochtanas ná gan go leor airgid a bheith ag duine le haghaidh nithe ábhartha.'** *(Combat Poverty)*

(i) Tabhair tuairisc ar na fáthanna a bhfuil an bochtanas fós ina ghné de shochaí na hÉireann.

***3 chúis @ 6 mharc an ceann*** **(18)**

*e.g. pá íseal, easpa cáilíochtaí oideachais, timthriall bochtaineachta, andúilíocht, costas ard tithíochta, cánacha arda, dáileadh éagothrom maoine agus acmhainní, neamhábaltacht airgead a bhainistiú go héifeachtach, cúlú eacnamaíoch, teaghlaigh aontuismitheora, dífhostaíocht, sáinn na bochtaineachta, etc.*

(ii) Ainmnigh agus tabhair sonraí faoi ghluaiseacht dheonach **amháin** a chabhraíonn chun iarmhairtí an bhochtanais sa phobal a mhaolú.

***Ainm = 4 mharc*** **(12)**

***Sonraí = 2 phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g.* **Naomh Uinseann de Pól:** *cruinníonn airgead ar bhealaí éagsúla i.e. siopaí carthanachta, bailiúcháin ag doras an tséipéil, cuireann cúnamh airgeadais ar fáil do dhaoine i ngátar i.e. íocann billí éigeandála, tugann cuairt ar theaghlaigh i ngátar, ar sheandaoine, déanann obair tí, garraíodóireacht, tugann cúnamh le leabhair & éide scoile a cheannach, cuireann tithíocht éigeandála ar fáil, laethanta saoire, clubanna obair bhaile, etc.*

**Béilí ar Rothaí, tionscnaimh chlubanna Lions / Rotary etc.**

